RÁITEAS STRAITÉISE 2008-2010

Revenue

Ár Misean agus Ár Spriocanna

ÁR MISEAN

Chun freastal ar an bpobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe Custaim a fheidhmiú

ÁR SPRIOCANNA

SPRIOC 1
A Chinntiú go gComhlionfaidh gach duine a bhFeagrachtaí Cánach and Custaim

SPRIOC 2
Seirbhís nuálach d'ardchaighdeán a chur ar fáil a thacóidh lenár gcustaiméirí go léir

SPRIOC 3
Cur le forbairt eachnamaíochta agus shóisialta trí rannpháirtiocht éifeachtach go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta araon

SPRIOC 4
Ár bhfoireann, ár bpróisis agus ár teicneolaíocht a fhorbairt lena chinntiú gur eagraíocht chumasach sinn a thugann aird ár riachtanais agus a bhíonn dírithe ar thorthaí a bhaint amach

Treoracha agus Tosaíochtaí 2008-2010

Ag tógáil ar thoradh sásúil ár dtreo straitéisigh go dtí seo, táimid ag súil leis na treoracha agus na tosaíochtaí suntasacha nua seo a leanas a theacht aníos sa chéad trí bliana eile:

- Cuirfimid i bhfad níos mó fócas ar riosca mar bhonn chun díriú ar idirghabhálacha iniúchta agus idirghabhálacha eile, agus leathnóimid ár gcláir chomhlíonta agus iniúchta traidisiúnta go réimsí rioscaí nua atá ag teacht chun cinn
- Cuirfimid níos mó béim ar ionchúisimh as imghabháil tromchúiseach cánach agus custaim.
- Cuirfimid lenár gcumas bagairtí ar an mbonn cánach ó dhianseachaint cánach a aithint agus dúshlán a thabhairt dóibh.
- Cuirfimid fócas ar leith ar dhul i ngleic leis an mbagairt smuigléireacht drugaí atá ag dul i méid.
- Cuirfimid seirbhís seachadta níos sainoiriúnaithe ar fáil chomh maith le cumarsáid agus faisnéis a bheidh dírithe níos fearr.
- Cuirfimid dlús leis an gclár oibre simplithe sa dóigh is go mbeidh comhlíonadh níos éasca agus go mbeidh sé níos éasca éileamh a dhéanamh ar theidlíochtaí.
- Cinnteoimid go nglacfaimid ár bpáirt i dtimpeallacht a chruthú a chuirfidh fás eacnamaíoch chun cinn agus a chuirfidh feabhas ar iomaíochas na hÉireann.
- Beimid níos éifeachtaí, ag déanamh níos mó le níos lú, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht agus seachadadh seirbhíse leictreonach.
- Díreoimid ar na príomhbhearnaí scileanna agus cumais inár n-eagraíocht.

Déanfar monatóireacht ar na cuspóirí, ar na straitéisí agus ar na táscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa Ráiteas seo agus cuirfear in oiriúint iad i bhfianaise forbairtí agus imthosca nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar na chéad trí bliana eile. Leanfaimid de luach a chur ar an tsolúbthacht atá léirithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go dtí seo maidir le haghaidh a thabhairt ar athrú.

Mar seo a leanas ár straitéisí maidir lenár spriocanna a bhaint amach:

SPRIOC 1

A Chinntiú go gComhlionfaidh gach duine a bhFeagrachtaí Cánach and Custaim

STRAITÉISÍ
1.1 Bailiú éifeachtúil agus comhlíonadh tráthúil a chinntiú
1.2 Comhlíonadh a fheabhsú trí idirghabhálacha a bheidh saindírithe ar bhealach níos fearr
1.3 Comhlíonadh a fheabhsú trí smachtbhannaí níos fearr a chur i bhfeidhm

SPRIOC 2

Seirbhís nuálach d'ardchaighdeán a chur ar fáil a thacóidh lenár gcustaiméirí go léir

STRAITÉISÍ
2.1 Cabhrú le custaiméirí an méid ceart a íoc agus a gcuid teidlíochtaí a fháil
2.2 É a dhéanamh chomh héasca agus is féidir gnó a dhéanamh linn

SPRIOC 3

Cur le forbairt eachnamaíochta agus shóisialta trí rannpháirtiocht éifeachtach go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta araon

STRAITÉISÍ
3.1 Cur go héifeachtach le saincheisteanna eacnamaíochta agus sóisialta trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcláir Rialtais
3.2 Rannpháirtiocht ghníomhach go hIdirnáisiúnta le súil le cur le comhoibriú Cánach agus Custaim

SPRIOC 4

Ár bhfoireann, ár bpróisis agus ár teicneolaíocht a fhorbairt lena chinntiú gur eagraíocht chumasach sinn a thugann aird ár riachtanais agus a bhíonn dírithe ar thorthaí a bhaint amach

STRAITÉISÍ
4.1 Ár bhfoireann a fhorbairt
4.2 An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus as ár struchtúir eagraíochta

Tá cóipeanna den Ráiteas Straitéise 2008-2010 le fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie)